



PTUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
RICHARD DE LA TOUR
arna tabhairt an 18 Meitheamh 2024¹

Cás C-240/23

Herbaria Kräuterparadies GmbH

v

Freistaat Bayern

(iarraidh ar réamhrialú ón Bundesverwaltungsgericht (an Chúirt Chónaidhme Riaracháin, an Ghearmáin))

(Tarchur chun réamhrialú – Talmhaíocht agus iascaireacht – Táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha – Rialachán (AE) 2018/848 – Rialacha maidir le táirgeadh orgánach – Airteagal 16 – Airteagal 33 – Lipéadú – Lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach – Coinníollacha úsáide – Airteagail 45 agus 48 – Táirgí orgánacha coibhéseacha a allmhairiú ó thríú tír aitheanta ar mhargadh an Aontais – Tagairt do tháirgeadh orgánach – Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Airteagal 20 – Cóir chomhionann)

I. Réamhrá

1. Ó 2012 i leith, déanann Herbaria Kräuterparadies GmbH ('Herbaria') agóid i gcoinne chinneadh Freistaat Bayern (Státrialtas na Baváire, an Ghearmáin) lena dtoirmiscear air an téarma a bhaineann le táirgeadh orgánach a úsáid i lipéadú, i bhfógraíocht agus i margú meascáin de shúnna torthaí agus d'eastóscáin luibhe ina bhfuil, sa bhreis ar tháirgí orgánacha, vitimíní nach bhfuil de thionscnamh plandaí agus glúcónáit iarainn nach ó fheirmeoireacht orgánach í.

2. Sa chéad bhreithiúnas ón gCúirt, deimhníodh léiriú Státrialtas na Baváire nach féidir lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach a úsáid ná aon tagairt do tháirgeadh orgánach a dhéanamh i gcás den sórt sin.² Ghlac Herbaria leis an gcinneadh sin agus líomhnaíonn sí sárú ar chomhionannas idir a tháirge agus táirge Meiriceánach comhchosúil lena gcuirtear vitimíní nach bhfuil de thionscnamh plandaí agus glúcónáit iarainn neamhorgánaigh, ach a aithnítear mar tháirge a tháirgtear go horgánach i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus ar féidir, dá réir sin, é a mhargú i gcríoch an Aontais le lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach mar gheall ar aitheantas a bheith tugtha do na Stáit Aontaithe mar thríú tír a bhfuil rialacha coibhéseacha táirgthe agus rialaithe aici.

¹ Bunteanga: an Fhraincis.

² Breithiúnas an 5 Samhain 2014, *Herbaria Kräuterparadies* (C-137/13, 'an breithiúnas in Herbaria I', EU:C:2014:2335).

3. Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú, ar an gcéad dul síos, ar Airteagal 16(1), Airteagal 30(1), Airteagal 33(1), Airteagal 45(1) agus Airteagal 48(1) agus mír 2.2.2(f) de Chuid IV d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle³ agus, ar an dara dul síos, Airteagal 20 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.⁴

4. Leis an iarraidh sin, cuirfead ar chumas na Cúirte a shoiléiriú cén úsáid nach mór a bhaint as lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach i gcás allmhairiú táirgí orgánacha. Molfaidh mé go bhfreagróidh an Chúirt go bhféadfaidh an lógó sin a bheith ar tháirgí a allmhairítear de bhun Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2007 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2092/91,⁵ agus Rialachán 2018/848, in éineacht, sa réimse radhairc céanna, le tásca éigeantacha ar thionscnamh amhábhbar agus tíortha tionscnaimh leis an tseiceáil comhréireachta, gan dochar a dhéanamh do phrionsabal an chomhionannais a chosnaítear le hAirteagal 20 den Chairt.

II. An dlí lena mbaineann

A. Rialachán Uimh. 834/2007

5. Foráiltear an méid seo a leanas in Aithrisí 1 agus 33 de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007:

‘(1) [T]á dhá phríomhthionchar ar an tsochaí ag an táirgeadh orgánach, i gcás, ar thaobh amháin, ina bhfreastalaíonn sé ar mhargadh ar leith mar fhreagairt ar éileamh tomhaltais ar tháirgí orgánacha, agus, ar an taobh eile, ina gcuirtear earraí ar fáil don phobal leis, ar earraí iad a chuidíonn leis an gcomhshaol agus le leas ainmhithe a chosaint, agus a chuidíonn freisin le forbairt tuaithe.

[...]

(33) Ba cheart go bhféadfaí táirgí orgánacha a allmhairítear isteach i margadh [an Aontais] a chur ar mhargadh [an Aontais] mar tháirgí orgánacha, i gcás inar táirgeadh iad i gcomhréir le rialacha táirgthe agus faoi réir forálacha rialaithe agus i gcás ina bhfuil na rialacha agus na forálacha sin i gcomhréir leis na rialacha agus na forálacha a leagtar síos i reachtaíocht [an Aontais] nó coibhéiseach leo. Ba cheart táirgí a allmhairítear faoi chóras coibhéiseach a chumhdach freisin le deimhniú arna eisiúint ag an údarás inniúil nó ag údarás rialaithe formheasta nó comhlacht rialaithe formheasta an tríú tír lena mbaineann.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

³ IO 2018 L 150, lch. 1.

⁴ ‘An Chairt’.

⁵ IO 2007 L 189, lch.1.

6. Foráiltear le hAirteagal 19(2)(b) den Rialachán sin, dar teideal ‘Rialacha ginearálta maidir le táirgeadh bia phróiseáilte’:

‘Beidh feidhm ag na coinníollacha seo a leanas maidir le comhdhéanamh bia phróiseáilte orgánaigh:

[...]

b) ní fhéadfar ach breiseáin, áiseanna próiseála, blastáin, uisce, salann, ullmhóidí miocrorgánach agus einsímí, mianraí, riandúile, vitimíní, aimíonaigéid agus micreachothaithigh eile a bhfuil beartaithe iad a úsáid chun críocha cothaitheacha áirithe a úsáid i mbianna, ar choinníoll gur údaráíodh iad lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach i gcomhréir le hAirteagal 21.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7. Foráiltear le hAirteagal 23(1) den Rialachán sin, dar teideal ‘Úsáid téarmaí a thagraíonn do tháirgeadh orgánach’:

‘Chun críocha an Rialacháin seo, measfar téarmaí lena dtagraítear don mhodh orgánach táirgthe a bheith ar tháirge i gcás ina bhfuil, sa lipéadú, san ábhar fógraíochta nó i ndoiciméid tráchtála, téarmaí lena dtugtar le tuiscint don cheannaitheoir go bhfuarthas an táirge, a chomhábhair nó a ábhair bheatha i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo mar shaintréith den táirge, dá chomhábhair nó dá ábhair bheatha. Go háirithe, féadfar na téarmaí atá sa liosta san iarscríbhinn, a ndíorthaigh agus leaganacha giorraithe díobh, amhail ‘bith-’ agus ‘éicea-’, leo féin nó i dteannta a chéile, a úsáid ar fud [an Aontais] agus in aon teanga [an Aontais] chun lipéadú agus fógraíocht a dhéanamh ar tháirgí a chomhlíonann na ceanglais atá leagtha síos sa Rialachán seo nó atá i gcomhréir leis.

I lipéadú agus i bhfógraíocht táirgí talmhaíochta beo nó neamhphróiseáilte, ní fhéadfar téarmaí lena dtagraítear don mhodh orgánach táirgthe a úsáid ach amháin i gcás, ina theannta sin, inar táirgeadh comhábhair uile an táirge sin i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8. Léitear Airteagal 24 den Rialachán sin, dar teideal ‘Tásca éigeantacha’ mar a leanas:

‘1. I gcás ina n-úsáidtear téarma faoi na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 23(1):

a) beidh an chóduimhir dá dtagraítear in Airteagal 27(10) de chuid an údaráis rialaithe nó an chomhlachta rialaithe a bhfuil an t-oibreoir a rinne an oibríocht dheireanach táirgthe nó ullmhúcháin faoina réir le feiceáil freisin ar an lipéadú;

b) beidh lógó an Chomhphobail dá dtagraítear in Airteagal 25(1) do bhia réamhphacáilte le feiceáil ar an bpacáistiú freisin;

c) i gcás ina mbaintear úsáid as lógó an Chomhphobail, déanfar tasc maidir leis an áit inar saothraíodh na hamhábhair talmhaíochta dá bhfuil an táirge comhdhéanta a léiriú sa réimse céanna amhairc ina mbeidh an lógó agus beidh sé i gceann de na foirmeacha seo a leanas, mar is iomchuí:

- “Talmhaíocht AE” i gcás inar táirgeadh an t-amhábhhar talmhaíochta san Aontas Eorpach,
- “Talmhaíocht nach Talmhaíocht de chuid AE í”, i gcás inar saothraíodh an t-amhábhhar talmhaíochta i dtríú tíortha;
- “Talmhaíocht AE/Talmhaíocht nach Talmhaíocht de chuid AE í” i gcás inar saothraíodh cuid de na hamhábhair talmhaíochta [san Aontas] agus inar saothraíodh cuid díobh i dtríú tír.

[...]

Beidh úsáid lógó an Chomhphobail dá dtagraítear in Airteagal 25(1) agus an tásca dá dtagraítear sa chéad fhomhír roghnach do tháirgí arna n-allmhairiú ó thríú tíortha. I gcás ina mbeidh lógó an Chomhphobail dá dtagraítear in Airteagal 25(1) ar an lipéad, áfach, beidh an tásca dá dtagraítear sa chéad fhomhír le feiceáil ar an lipéadú freisin.

2. Marcálfar na sonraí dá dtagraítear i mír 1 in áit fheiceálach sa chaoi go mbeidh siad sofheicthe, inléite go soiléir, agus doscriosta.

[...]

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9. Foráiltear le hAirteagal 25 de Rialachán Uimh. 834/2007, dar teideal ‘Lógónna táirgeachta orgánaí’:

‘1. Féadfar lógó an Chomhphobail maidir le táirgeadh orgánach a úsáid chun táirgí a bhfuil na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo á gcomhlíonadh acu a lipéadú, a chur i láthair agus a fhógairt.

[...]

2. Féadfar lógónna náisiúnta agus príobháideacha a úsáid sa lipéadú, cur i láthair agus fógraíocht ar tháirgí a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach faoin Rialachán seo.

[...]

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

10. Foráiltear le hAirteagal 32(1) den Rialachán sin, dar teideal ‘Táirgí comhlíontacha a allmhairiú’:

‘Féadfar táirgí a allmhairítear ó thríú tíortha a scaoileadh isteach sa mhargadh [an Aontais Eorpaigh] mar tháirgí orgánacha, ar choinníoll:

- a) go gcomhlíonann an táirge forálacha Theidil II, III agus IV den Rialachán seo agus na rialacha cur chun feidhme is infheidhme maidir lena tháirgeadh agus arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo;

- b) go bhfuil na hoibreoirí uile, lena n-áirítear onnmhaireoirí, faoi réir rialuithe ag údarás rialaithe nó comhlacht rialaithe atá aitheanta i gcomhréir le mír 2;
- c) go bhfuil na hoibreoirí lena mbaineann in ann fianaise dhoiciméadach dá dtagraítear in Airteagal 29 a sholáthar tráth ar bith, do na hallmhaireoirí nó do na húdaráis náisiúnta, lena bhféadfar an t-oibreoir a rinne an oibríocht dheireanach a shainaithint agus a fhíorú go gcomhlíonann an t-oibreoir sin míreanna (a) agus (b), arna n-eisiúint ag an údarás rialaithe nó ag an gcomhlacht rialaithe dá dtagraítear i bhfomhír (b).'

11. Foráiltear le hAirteagal 33 den Rialachán sin, dar teideal 'Táirgí ag a bhfuil ráthaíochtaí coibhéiseacha a allmhairiú':

'1. Féadfar táirge a allmhairítear ó thríú tír a mhargú ar mhargadh [an Aontais] mar tháirge orgánach freisin, ar na coinníollacha seo a leanas:

- a) táirgeadh é i gcomhréir le rialacha táirgthe atá coibhéiseach leis na rialacha a leagtar síos i dTeidil III agus IV;
- b) cuireadh na hoibreoirí faoi réir bearta rialaithe a bhfuil éifeachtacht choibhéiseach acu leo sin [...] dá bhforáiltear i dTeideal V agus gur cuireadh na bearta sin i bhfeidhm go comhsheasmhach agus go héifeachtach;
- c) ag gach céim den táirgeadh, den ullmhú agus den dáileachán sa tríú tír, gur chuir oibreoirí a ngníomhaíochtaí faoi bhráid córas rialaithe atá aitheanta i gcomhréir le mír 2 nó faoi bhráid údarás rialaithe nó comhlacht rialaithe atá aitheanta i gcomhréir le mír 3;
- d) go bhfuil an táirge cumhdaithe ag deimhniú cigireachta atá eisithe ag údaráis inniúla, údaráis rialaithe nó comhlachtaí rialaithe an tríú tír atá aitheanta i gcomhréir le mír 2, nó ag údarás rialaithe nó comhlacht rialaithe atá aitheanta i gcomhréir le mír 3, agus lena ndeimhnítear go gcomhlíonann an táirge na coinníollacha a leagtar amach sa mhír seo.

[...]

2. I gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 37(2), féadfaidh an Coimisiún [Eorpach] aitheantas a thabhairt do thríú tíortha a gcomhlíonann a gcóras táirgthe prionsabail agus rialacha táirgthe atá coibhéiseach leis na cinn atá leagtha síos i dTeidil II, III agus IV agus a bhfuil éifeachtacht a mbeart rialaithe coibhéiseach le héifeachtacht na mbeart atá leagtha síos i dTeideal V agus tarraingeoidh sé suas liosta de na tíortha sin. Cuirfear Treoirínte *Codex Alimentarius* CAC/GL 32 san áireamh sa mheasúnú coibhéise.

[...]

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

B. Rialachán (CE) Uimh. 889/2008

12. Foráiltear le hAirteagal 27(1) de Rialachán (CE) Uimh. 889/2008 ón gCoimisiún an 5 Meán Fómhair 2008 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha i

dtaca le táirgeadh, lipéadú agus rialú orgánach,⁶ dar teideal ‘Úsáid táirgí agus substaintí áirithe i bpróiseáil earraí bia’:

‘Chun críocha Airteagal 19(2)(b) de Rialachán [Uimh. 834/2007], ní fhéadfar ach na substaintí seo a leanas a úsáid agus bia orgánach á phróiseáil, cé is moite d’fhíon:

[...]

f) mianraí (riandúile san áireamh), vitimíní, aimíonaigéid, agus micreachothaithigh, nach bhfuil údaraithe ach amháin más gá iad a úsáid de réir an dlí in earraí bia ina bhfuil siad ionchorpraithe.’

C. Rialachán (CE) Uimh. 1235/2008

13. Foráiltear le hAirteagal 7(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1235/2008 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2008 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle i dtaobh na socruithe le haghaidh allmhairí táirgí orgánacha ó thríú tíortha:⁷

‘Tarraingeoidh an Coimisiún suas liosta de thríú tíortha aitheanta i gcomhréir le hAirteagal 33(2) de Rialachán [Uimh. 834/2007]. Leagtar amach an liosta sin in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo [...]

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

D. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 126/2012

14. Le hAirteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 126/2012 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2012 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 889/2008 a mhéid a bhaineann le doiciméid tacaíochta agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1235/2008 a mhéid a bhaineann leis na socruithe le haghaidh allmhairí táirgí orgánacha ó Stáit Aontaithe Mheiriceá,⁸ áiríodh Stáit Aontaithe Mheiriceá ar liosta na dtríú tíortha in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Uimh. 1235/2008.

E. Rialachán 2018/848

15. Foráiltear an méid seo a leanas in aithrisí 1, 3, 6, 9, 15, 17, 73, 77 go 79, 93, 96 agus 123 de Rialachán 2018/848:

‘(1) Mar sin, tá dhá phríomhthionchar ar an tsochaí ag an táirgeadh orgánach, i gcás, ar thaobh amháin, ina bhfreastalaíonn sé ar mhargadh ar leith mar fhreagairt ar éileamh tomhaltais ar tháirgí orgánacha, agus, ar an taobh eile, ina gcuirtear earraí ar fáil don phobal leis, ar earraí iad a chuidíonn leis an gcomhshaol agus le leas ainmhithe a chosaint, agus a chuidíonn freisin le forbairt tuaithe.

⁶ IO 2008 L 250, lch. 1.

⁷ IO 2008 L 334, lch. 25.

⁸ IO 2012 L 41, lch. 5.

[...]

- (3) [T]á cuspóirí an bheartais maidir le táirgeadh orgánach de dhlúth agus d'inneach i gcuspóirí CBT trína áirithiú go n-áirithítear go bhfaigheann feirmeoirí luach cothrom as na rialacha maidir le táirgeadh orgánach a chomhlíonadh. Ina theannta sin, ós rud é go bhfuil an t-éileamh tomhaltais ar tháirgí orgánacha ag dul i méid, tá dálaí á gcruthú faoina bhféadfaí tuilleadh forbartha agus méadaithe a dhéanamh ar mhargadh na dtáirgí sin agus, ar an dóigh sin, fáltas na bhfeirmeoirí atá i mbun táirgthe orgánaigh a mhéadú.

[...]

- (6) I bhfianaise chuspóirí bheartas an Aontais maidir leis an táirgeadh orgánach, ba cheart é a bheith mar aidhm leis an gcreat dlíthiúil, a bunaíodh chun an beartas sin a chur chun feidhme, iomaíocht chothrom agus oibriú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú i dtaca le táirgí orgánacha, muinín na dtomhaltóirí as táirgí atá lipéadaithe mar tháirgí orgánacha a chaomhnú agus údar cuí a thabhairt don mhuinín sin, agus dálaí a chruthú faoina bhféadfar an beartas a thabhairt chun cinn i gcomhréir le forbairtí táirgthe agus margaidh.

[...]

- (9) Ag féachaint d'fhorbairt dhinimiciúil na hearnála orgánaí, sainaitníodh i Rialachán Uimh. 834/2007] an gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar rialacha an Aontais maidir le táirgeadh orgánach, ag cur san áireamh an taithí a fuarthas ó chur i bhfeidhm na rialacha sin. Is léir ó thorthaí an athbhreithnithe sin a rinne an Coimisiún gur cheart creat dlíthiúil an Aontais faoina rialaítear an táirgeadh orgánach a fheabhsú chun foráil a dhéanamh maidir le rialacha a fhreagraíonn d'ionchais arda tomhaltóirí agus a ráthaíonn soiléireacht leordhóthanach dóibh siúd ar a bhfuil na rialacha dírithe. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Uimh. 834/2007 a aisghairm agus Rialachán nua a chur ina ionad.

[...]

- (15) Léiríonn tionscadail taighde a rinneadh go bhfuil muinín na dtomhaltóirí ríthábhachtach i margadh an bhia orgánaigh. San fhadtéarma, d'fhéadfadh rialacha neamhiontaofa muinín an phobail a chur i mbaol agus d'fhéadfadh cliseadh margaidh a bheith mar thoradh air sin. Dá bhrí sin, ba cheart forbairt inbhuanaithe an táirgthe orgánaigh san Aontas a bhunú ar rialacha fóna táirgthe atá comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais agus a chomhlíonann ionchais na n-oibreoirí agus na dtomhaltóirí maidir le cáilíocht táirgí orgánacha agus do chomhlíonadh na bprionsabal agus na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo.

[...]

- (17) Ba cheart don Rialachán seo an bonn a sholáthar le haghaidh fhorbairt inbhuanaithe an táirgthe orgánaigh agus éifeachtaí dearfacha an táirgthe sin ar an gcomhshaol, agus feidhmiú éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh i dtáirgí orgánacha agus an iomaíocht chothrom á háirithiú ag an am céanna, agus ar an dóigh sin cuidiú le feirmeoirí ioncam cóir a bhaint amach, muinín na dtomhaltóirí a áirithiú, leas na dtomhaltóirí a chosaint agus gearrbhealaí dáileacháin agus táirgeacht áitiúil a spreagadh. Ba cheart na cuspóirí sin a bhaint amach trí na prionsabail agus na rialacha, idir ghinearálta agus shonracha, a bhfuil feidhm acu maidir leis an táirgeadh orgánach a chomhlíonadh.

[...]

(73) Ba cheart lipéadú táirgí talmhaíochta agus earraí bia a bheith faoi réir na rialacha ginearálta a leagtar síos i Rialachán (AE) [Uimh. 1169/2011⁹], agus go háirithe faoi réir na bhforálacha arb é is aidhm dóibh cosc a chur ar lipéadú a d'fhéadfadh mearbhall a chur ar thomhaltóirí nó iad a chur amú. Ina theannta sin, ba cheart forálacha sonracha maidir le lipéadú táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú a leagan síos sa Rialachán seo. Ba cheart do na forálacha sin leasanna na n-oibreoirí a chosaint ó thaobh táirgí oibreoirí a shainaithint go beacht ar an margadh agus tairbhe a bhaint as dálaí cothroma iomaíochta, chomh maith le leasanna na dtomhaltóirí a chosaint chun gur féidir leo roghanna eolasacha a dhéanamh ar an taobh eile.

[...]

(77) Ionas go mbeidh soiléireacht ann do thomhaltóirí ar fud mhargadh an Aontais, ba cheart úsáid lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach a bheith éigeantach don bhia orgánach réamhphacáilte go léir arna tháirgeadh laistigh den Aontas. Ina theannta sin, ba cheart an fhéidearthacht a bheith ann an lógó sin a úsáid ar bhonn deonach i gcás táirgí orgánacha nach bhfuil réamhphacáilte agus a táirgeadh laistigh den Aontas agus i gcás aon táirgí orgánacha a allmhairíodh isteach ó thríú tíortha, chomh maith le húsáid chun críoch faisnéise agus oideachais, freisin. Ba cheart samhail de lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach a leagan síos.

(78) Mar sin féin, ionas nach gcuirfí tomhaltóirí amú i dtaobh chineál orgánach an táirge ina iomláine, is iomchuí úsáid an lógó sin a theorannú do tháirgí ar comhábhair orgánacha iomlán a gcomhábhar, nó arb acu sin a dtromlach mór. Níor cheart úsáid an lógó a cheadú, mar sin, i lipéadú na dtáirgí atá á dtiontú ná na dtáirgí próiseáilte ar lú ná 95 % de réir meáchain na gcomhábhar orgánach de thionscnamh talmhaíochta iontu.

(79) D'fhonn aon mhearbhall a d'fhéadfadh a bheith ar thomhaltóirí maidir le tionscnamh táirge a sheachaint (é a bheith de thionscnamh an Aontais nó a mhalairt), i gcás ina n-úsáidtear lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach, ba cheart tomhaltóirí a chur ar an eolas faoin áit inar saothraíodh na hamhábhair talmhaíochta dá ndearnadh an táirge. [...]

[...]

(93) Is léir ón taithí a fuarthas ó na socruithe d'allmhairiú táirgí orgánacha isteach san Aontas faoi Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 gur gá na socruithe sin a athbhreithniú chun freagairt a thabhairt d'ionchais na dtomhaltóirí, is iad sin go gcomhlíonfaidh táirgí orgánacha a allmhairítear isteach san Aontas caighdeáin atá chomh dian céanna leo siúd atá san Aontas, agus chun rochtain tháirgí orgánacha an Aontais ar an margadh idirnáisiúnta a áirithiú. [...]

[...]

⁹ Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 agus (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 87/250/CEE ón gCoimisiún, Treoir 90/496/CEE ón gComhairle, Treoir 1999/10/CE ón gCoimisiún, Treoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2002/67/CE ón gCoimisiún agus Treoir 2008/5/CE ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 608/2004 ón gCoimisiún (IO 2011 L 304, lch. 18).

(96) Aon tríú tíortha atá aitheanta chun críoch coibhéise faoi Rialachán (CE) Uimh. 834/2007, ba cheart an t-aitheantas sin a bheith acu fós faoin Rialachán seo, go ceann tréimhse theoranta is gá chun aistriú rianúil a áirithiú chuig an scéim faoina dtugtar aitheantas trí chomhaontú idirnáisiúnta, ar an gcoinníoll go n-áiritheoidh siad i gcónaí go bhfuil a dtáirgeadh orgánach agus a rialacha maidir le rialú coibhéiseach leis na rialacha ábhartha atá i bhfeidhm san Aontas agus go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais go léir a bhaineann leis an gCoimisiún a bheith ag déanamh maoirseachta ar an aitheantas sin. Ba cheart an mhaoirseacht sin a bhunú go háirithe ar na tuarascálacha bliantúla a chuireann na tríú tíortha aitheanta sin chuig an gCoimisiún.

[...]

(123) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach go leordhóthanach, is iad sin, go háirithe, iomaíocht chóir agus dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh i dtáirgí orgánacha mar aon le muinín na dtomhaltóirí as na táirgí sin agus as lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach a áirithiú, agus gur fearr, de bharr gur gá na rialacha maidir le táirgeadh orgánach a chomhchuíbhíú, is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 [CAE]. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.'

16. Foráiltear le hAirteagal 16(1) de Rialachán 2018/848, dar teideal 'Rialacha táirgthe maidir le bia próiseáilte':

'Comhlíonfaidh oibreoirí a thairgeann bia próiseáilte go háirithe na rialacha mionsonraithe maidir le táirgeadh a leagtar amach i gCuid IV d'Iarscríbhinn II agus in aon ghníomhartha cur chun feidhme ar bith dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo.'

17. Foráiltear le hAirteagal 30 den Rialachán sin, dar teideal 'Téarmaí a thagraíonn don táirgeadh orgánach a úsáid':

'1. Chun críocha an Rialacháin seo, measfar téarmaí a thagraíonn don táirgeadh orgánach a bheith ar tháirge i gcás ina dtugtar tuairisc ar tháirge den sórt sin, ar a chomhábhair nó ar a ábhair bheatha a úsáidtear chun é a tháirgiú, sa lipéadú, san ábhar fógraíochta nó i ndoiciméid tráchtála, i dtéarmaí a thugann le fios don cheannaitheoir go bhfuarthas an táirge, a chomhábhair nó a ábhair bheatha a tháirgtear i gcomhréir leis an Rialachán seo. Féadfar na téarmaí atá sa liosta in Iarscríbhinn IV agus a ndíorthaigh agus leaganacha giorraithe díobh, amhail "bith-" agus "éicea-", leo féin nó i dteannta a chéile, a úsáid ar fud an Aontais agus in aon teanga atá liostaithe san Iarscríbhinn sin chun lipéadú agus fógraíocht a dhéanamh ar tháirgí dá dtagraítear in Airteagal 2(1) a chomhlíonann an Rialachán seo.'

[...]

5. Maidir le bia próiseáilte, féadfar na téarmaí dá dtagraítear i mír 1 a úsáid:

a) sa tuairisc dhíolacháin, agus i liosta na gcomhábhar i gcás ina bhfuil liosta dá leithéid éigeantach de bhun reachtaíocht an Aontais [...]

[...]

b) sa liosta comhábhar amháin [...]

[...]

c) sa tuairisc dhíolacháin agus sa liosta comhábhar [...]

[...]

18. Foráiltear le hAirteagal 32(1) den Rialachán sin, dar teideal ‘Tásca éigeantacha’:

‘I gcás go bhfuil téarmaí dá dtagraítear in Airteagal 30(1) ar tháirgí, lena n-áirítear táirgí a bhfuil lipéad orthu ar a ndeirtear go bhfuil siad táirgí á dtiontú i gcomhréir le hAirteagal 30(3):

[...]

b) i gcás bia réamhphacáilte, déanfar lógó orgánach an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear in Airteagal 33 a chur ar an bpacáistíocht freisin, seachas i gcásanna dá dtagraítear in Airteagal 30(3), agus pointe (b) agus (c) d’Airteagal 30(5).’

19. Foráiltear le hAirteagal 33 den Rialachán sin, dar teideal ‘Lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach’:

‘1. Féadfar lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach a úsáid sa lipéadú, cur i láthair agus fógraíocht ar tháirgí a chomhlíonann an Rialachán seo.

Féadfar an lógó maidir le táirgeadh orgánach a úsáid chun críoch faisnéise nó oideachasúil a bhaineann leis an lógó a bheith ann agus a bhaineann leis an lógó féin a fhógairt, ar an gcoinníoll nach dócha go gcuirfidh úsáid den sórt sin an tomhaltóir amú i dtaca le táirgeadh orgánach táirgí ar leith agus ar an gcoinníoll go ndéanfar an lógó a athchruthú i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach in Iarscríbhinn V. [...]

[...]

3. Beidh úsáid lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach roghnach do tháirgí arna n-allmhairiú ó thríú tíortha. I gcás ina mbeidh an lógó sin le feiceáil ar lipéadú na dtáirgí sin, beidh an tásca dá dtagraítear in Airteagal 32(2) le feiceáil ar an lipéadú freisin.

[...]

5. Féadfar lógónna náisiúnta agus príobháideacha a úsáid sa lipéadú, cur i láthair agus fógraíocht ar tháirgí a chomhlíonann an Rialachán seo.

[...]

20. Foráiltear le hAirteagal 42 den Rialachán sin, dar teideal ‘Rialacha breise maidir le bearta a dhéanfar i gcás neamhchomhlíonta’:

‘1. I gcás ina mbíonn neamhchomhlíonadh a chuireann isteach ar shláine na dtáirgí orgánacha nó na dtáirgí atá á dtiontú le linn aon cheann de na céimeanna táirgthe, ullmhúcháin agus dáileacháin, mar shampla mar gheall ar tháirgí, ar shubstaintí nó ar theicnící neamhúdraithe a úsáid nó mar gheall ar mheascadh le táirgí neamh-orgánacha, áiritheoidh údaráis inniúla agus, i

gcás inarb iomchuí, údaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe [...], nach ndéanfar aon tagairt don táirgeadh orgánach sa lipéadú agus san fhógraíocht a dhéanfar ar an mbaisc nó sraith táirgthe iomlán lena mbaineann.

[...]

21. Foráiltear le hAirteagal 44(1) den Rialachán sin, dar teideal ‘Táirgí orgánacha a onnmhairiú’:

‘Féadfar táirge a onnmhairiú ón Aontas mar tháirge orgánach agus lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach a bheith air, ar choinníoll go gcomhlíonann sé na rialacha maidir le táirgí orgánacha faoin Rialachán seo.’

22. Foráiltear le hAirteagal 45(1) de Rialachán 2018/848, dar teideal ‘Táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú a allmhairiú’:

‘Féadfar táirge a allmhairiú ó thríú tír lena chur ar an margadh laistigh den Aontas mar tháirge orgánach nó mar tháirge atá á thiontú ina tháirge orgánach, ar choinníoll go gcomhlíonfar na trí choinníoll seo a leanas:

a) is táirge mar a thagraítear dó in Airteagal 2(1) an táirge;

b) i gcás ina mbaineann ceann de na nithe seo a leanas:

i) a chomhlíonann Caibidlí II, III agus IV den Rialachán seo, agus bhí gach oibreoir, agus grúpaí oibreoirí dá dtagraítear in Airteagal 36, lena n-áirítear na honnmhaireoirí sa tríú tír lena mbaineann, faoi réir rialú údarás rialaithe nó comhlachtaí rialaithe arna n-aithint i gcomhréir le hAirteagal 46 agus cuireann na húdaráis sin nó na comhlachtaí sin deimhniú ar fáil ina ndearbhaítear go bhfuil an Rialachán seo á chomhlíonadh ag gach oibreoir nó ag gach grúpa oibreoirí;

ii) a thagann ó thríú tír atá aitheanta i gcomhréir le hAirteagal 47, comhlíonann an táirge sin na coinníollacha a leagtar síos sa chomhaontú trádála ábhartha; nó

iii) a thagann as tríú tír atá aitheanta i gcomhréir le hAirteagal 48, comhlíonann an táirge sin rialacha coibhéiseacha táirgthe agus rialaithe an tríú tír sin agus a allmhairítear le deimhniú cigireachta a d’eisigh údaráis inniúla, údaráis rialaithe nó comhlachtaí rialaithe an tríú tír sin a dhearbhaíonn an comhlíonadh sin; agus

c) tá na hoibreoirí sna tríú tíortha sin in ann faisnéis a sholáthar tráth ar bith, do na hallmhaireoirí agus do na húdaráis náisiúnta san Aontas agus i dtríú tíortha, ar faisnéis í lena gceadófar na hoibreoirí arb iad a soláthraithe, agus údaráis rialaithe nó comhlachtaí rialaithe na soláthraithe sin, a shainaithint, d’fhonn inrianaitheacht an táirge orgánaigh nó atá á thiontú lena mbaineann a áirithiú. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil freisin d’údaráis rialaithe nó do chomhlachtaí rialaithe na n-allmhaireoirí.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

23. Foráiltear le hAirteagal 48(1) den Rialachán sin, dar teideal ‘Coibhéis faoi Rialachán [Uimh. 834/2007]’:

Tríú tír aitheanta dá dtagraítear i bpointe (b)(iii) d’Airteagal 45(1), is tríú tír í a aithníodh chun críoch coibhéise faoi Airteagal 33(2) de Rialachán [Uimh. 834/2007], lena n-áirítear iad siúd a aithnítear faoin mbeart idirthréimhseach dá bhforáiltear in Airteagal 58 den Rialachán seo.

Rachaidh an t-aitheantas sin in éag ar an 31 Nollaig 2025.’

24. Foráiltear leis an gcéad mhír agus faoin dara mír d’Airteagal 56 den Rialachán sin:

‘Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007.

Beidh feidhm ag an Rialachán sin, áfach, chun críocha an scrúdú ar iarratais atá ar feithimh ó thríú tíortha a chur i gcrích, mar a fhoráiltear in Airteagal 58 den Rialachán seo.’

25. Foráiltear le hAirteagal 58(1) de Rialachán 2018/848:

‘Déanfaidh an Coimisiún an scrúdú ar iarratais ó thríú tíortha a thíolactar faoi Airteagal 33(2) de Rialachán [Uimh. 834/2007] atá ar feitheamh an 17 Meitheamh 2018 a chur i gcrích. Beidh feidhm ag an Rialachán sin maidir le hiarratais den sórt sin a scrúdú.’

26. Foráiltear le mír 2.2.2(f) de Chuid IV d’Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin, maidir leis na ceanglais mhionsonraithe maidir le táirgeadh bia phróiseáilte:

‘Ceadófar na táirgí agus na substaintí seo a leanas a úsáid i bpróiseáil bia:

[...]

f) mianraí (riandúile san áireamh), vitimíní, aimíonaigéid agus micreachothaithigh ar choinníoll:

- i) go bhfuil a n-úsáid i mbia do ghnáthchaitheamh ina ‘ceangal dlí díreach’, sa bhrí go bhfuil sí ina ceangal díreach, ag forálacha dhlí an Aontais nó forálacha an dlí náisiúnta atá comhoiriúnach le dlí an Aontais, agus é de thoradh air sin nach féidir an bia a chur ar an margadh ar chor ar bith mar bhia do ghnáthchaitheamh mura gcuirtear na mianraí, na vitimíní, na haimíonaigéid nó na micreachothaithigh leis; nó
- ii) maidir le bia a chuirtear ar an margadh mar bhia ag a bhfuil tréithe nó éifeachtaí ar leith i ndáil leis an tsláinte nó le cothú i ndáil le riachtanais grúpaí sonracha tomhaltóirí:
 - i dtáirgí dá dtagraítear i bpointe (a) agus in Airteagal 1(1)(b) de Rialachán (AE) [Uimh. 609/2013¹⁰], go bhfuil a n-úsáid údairithe leis an Rialachán sin agus le gníomhartha arna nglacadh ar bhonn Airteagal 11(1) den Rialachán sin maidir leis na táirgí lena mbaineann, nó

¹⁰ Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le bia a cheaptar lena úsáid mar bhia do naíonáin agus do leanaí óga, maidir le bia chun críoch speisialta míochaine, agus maidir le hionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú agus lena n-aisghairtear Treoir 92/52/CEE ón gComhairle, Treoracha 96/8/CE, 1999/21/CE, 2006/125/CE agus 2006/141/CE ón gCoimisiún, Treoir 2009/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 41/2009 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 953/2009 ón gCoimisiún (IO 2013 L 181, lch. 35).

- táirgí arna rialáil le Treoir [2006/125/CE¹¹] ón gCoimisiún ar an gcoinníoll go bhfuil a n-úsáid údaráithe leis an Treoir sin.’

F. Rialachán (AE) 2020/1693

27. Foráiltear le hAithris 7 de Rialachán (AE) 2020/1693 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Samhain 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/848 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha a mhéid a bhaineann le dáta a chur i bhfeidhm agus dátaí áirithe eile dá dtagraítear sa Rialachán sin:¹²

‘Paindéim COVID-19 agus an ghéarchéim sláinte poiblí a bhaineann léi, is dúshlán do thríú tíortha agus d’oibreoirí i dtríú tíortha iad [...], dúshlán nach bhfacthas a leithéid riamh. Dá thoradh sin, i gcás tríú tíortha a aithníodh a bheith cóibhéiseach faoi Airteagal 33(2) de Rialachán [Uimh. 834/2007], is iomchuí síneadh bliana a chur le dáta éagtha a n-aitheantais go dtí an 31 Nollaig 2026 ionas go mbeidh a ndóthain ama ag tríú tíortha den sórt sin a stádas a athrú bíodh sé sin trí chomhaontú trádála a thabhairt i gcrích leis an Aontas nó trí Rialachán [2018/848] a bheith á chomhlíonadh go hiomlán ag a n-oibreoirí, gan cur isteach neamhriachtanach a dhéanamh ar thrádáil táirgí orgánacha.’

28. Foráiltear le hAirteagal 1(2) den Rialachán sin:

‘Leasaítear Rialachán [2018/848] mar a leanas:

- 2) Sa dara fomhír d’Airteagal 48(1), cuirtear “31 Nollaig 2026” in ionad an dáta “31 Nollaig 2025”.’

G. Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1342

29. Foráiltear le hAithris 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1342 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha i dtaca leis an bhfaisnéis atá le seoladh ag tríú tíortha agus ag údarais rialaithe agus comhlachtaí rialaithe chun críche maoirseachta ar a n-aitheantas faoi Airteagal 33(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle maidir le táirgí orgánacha allmhairithe agus na bearta atá le déanamh i bhfeidhmiú na maoirseachta sin:¹³

‘Nuair a chuirtear ar mhargadh an Aontais iad go dtí deireadh [na n-idirthréimhsí a leagtar amach in aithrisí 1 agus 2], ní mór táirgí orgánacha a allmhairítear isteach san Aontas faoi na scéimeanna allmhairiúcháin sin a tháirgeadh i gcomhréir leis na rialacha maidir le táirgeadh agus faoi réir socrúithe rialaithe atá coibhéiseach leo sin a leagtar síos i Rialachán [Uimh. 834/2007] chomh maith leis na rialacha gaolmhara cur chun feidhme a leagtar síos i Rialachán [Uimh. 889/2008] agus [Uimh. 1235/2008] ón gCoimisiún.’

¹¹ Treoir ón gCoimisiún an 5 Nollaig 2006 maidir le bianna gránachbhunaithe próiseáilte agus bianna do naíonáin agus do leanaí óga (IO 2006 L 339, lch. 16).

¹² IO 2020 L 381, lch. 1.

¹³ IO 2021 L 292, lch. 20.

30. Foráiltear le hAirteagal 1 den Rialachán Tarmligthe sin:

‘1. Áireofar an méid seo a leanas sa tuarascáil bhliantúil atá le seoladh chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 48(2) de Rialachán (AE) 2018/848, faoin 31 Márta gach bliain, ag tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 48(1) den Rialachán sin agus a áirítear ar an liosta arna bhunú le Rialachán Cur Chun Feidhme atá le glacadh de bhun Airteagal 48(3) de Rialachán [2018/848][...]:

[...]

d) aon nuashonrú ar na caighdeáin táirgthe a chuirtear i bhfeidhm sa tríú tír a measadh a bheith coibhéiseach leis na rialacha maidir le táirgeadh dá dtagraítear i dTeidil III agus IV de Rialachán [Uimh. 834/2007];

e) aon nuashonrú ar na bearta rialaithe a chuirtear i bhfeidhm sa tríú tír, a measadh éifeachtacht choibhéiseach a bheith acu leo siúd dá dtagraítear i dTeideal V de Rialachán [Uimh. 834/2007], agus dearbhú gur cuireadh na bearta rialaithe sin i bhfeidhm go buan agus go héifeachtach;

[...]

6. I gcás ina bhfuair an Coimisiún fógra ó Bhallstát lena gcuirtear ar an eolas é faoi amhras a bhfuil bunús leis faoi neamhrialtacht nó sárú a mhéid a bhaineann le táirgí orgánacha allmhairithe na ceanglais a leagtar síos i Rialachán [Uimh. 834/2007] a chomhlíonadh agus faoi chaighdeáin táirgthe agus bearta rialaithe a nglactar leo mar bhearta coibhéiseacha ar bhonn an mheasúnaithe a rinneadh, tabharfaidh sé fógra ina leith d’údarás inniúil an tríú tír. Déanfaidh an t-údarás inniúil sin imscrúdú ar thionscnamh na neamhrialtachta nó an tsáraithe a bhfuil amhras ann ina leith agus déanfaidh sé, laistigh de 30 lá féilire tar éis fhógra an Choimisiúin, toradh an imscrúdaithe agus an beart a rinneadh a chur in iúl don Choimisiún agus don Bhallstát lena mbaineann.’

III. An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

31. Monaraíonn Herbaria an táirge ‘Blutquick’, meascán de shúnna torthaí agus eastóscáin luibhe orgánacha. Cuirtear vitimíní nach bhfuil de thionscnamh plandaí agus glúcónáit iarainn leis an deoch a mhargaítear mar fhorlíonadh bia. Sa phacáistíocht tá lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach, an lipéad orgánach náisiúnta agus tagairt don fhíoras go dtagann na comhábhair ó ‘thalmhaíocht orgánach rialaithe’.

32. Le cinneadh an 18 Eanáir 2012, d’ordaigh Bayerische Landesanstalt für Landwirtschaft (Institiúid Talmhaíochta, Státrialtas na Baváire, an Ghearmáin), *inter alia*, do Herbaria an tagairt do tháirgeadh orgánach, a chosnaítear faoi Airteagal 23 de Rialachán Uimh. 834/2007, a bhaint, roimh an 1 Nollaig 2012, i lipéadú, i bhfógraíocht agus i margú ‘Blutquick’, ar an bhforas, faoi fhorálacha an Rialacháin sin agus faoi Airteagal 27(1)(f) de Rialachán Uimh. 889/2008, nach bhféadfar vitimíní agus mianraí a chur le táirgí próiseáilte a bhfuil an téarma ‘orgánach’ orthu ach amháin má cheanglaítear iad a úsáid le dlí. De réir Institiúid Talmhaíochta Státrialtas na Baváire, níorbh amhlaidh an cás maidir le ‘Blutquick’.

33. Thug Herbaria caingean i gcoinne an chinnidh sin os comhair Verwaltungsgericht München (Cúirt Riaracháin München, an Ghearmáin), a tharchuir ceisteanna chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú maidir le léiriú Airteagal 27(1)(f).

34. Tar éis freagra a fháil ar na ceisteanna sin le breithiúnas *Herbaria I*, dhiúltaigh Verwaltungsgericht München (Cúirt Riaracháin München) do chaingean Herbaria.

35. Diúltaíodh don achomharc i gcoinne an chinnidh sin le breithiúnas an 29 Iúil 2021, ar thionscain Herbaria achomharc ina choinne ar phointe dlí os comhair an Bundesverwaltungsgericht (an Chúirt Chónaidhme Riaracháin, an Ghearmáin), an chúirt a rinne an tarchur. Measann an chúirt sin nach bhfuil Rialachán Uimh. 834/2007 infheidhme a thuilleadh *ratione temporis*, ós rud é gur cuireadh Rialachán 2018/848 ina ionad.

36. Ní dhíospóideann Herbaria a thuilleadh, mar thoradh ar vitimíní agus glúcónáit iarainn a chur leis, go dtairmisteat le Rialachán 2018/848 an tagairt do tháirgeadh orgánach agus ‘Blutquick’ á chur ar an margadh. Mar sin féin, de réir a léirmhínithe ar an Rialachán sin, níl feidhm ag an toirmeasc céanna maidir le táirge a allmhairítear ó na Stáit Aontaithe agus a bhfuil na saintréithe céanna aige.

37. De réir Herbaria, tar éis comhaontú coibhéise arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe, féadfar táirgí atá in iomaíocht le ‘Blutquick’ agus de thionscnamh na Stát Aontaithe a mhargú san Aontas Eorpach mar tháirgí orgánacha, agus lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach orthu, ar an aon choinníoll amháin go gcomhlíonann siad na rialacha maidir le táirgeadh orgánach atá i bhfeidhm sna Stáit Aontaithe agus, dá bhrí sin, fiú i gcás nach gcomhlíonann siad na rialacha uile maidir le táirgeadh orgánach a cheanglaítear le dlí an Aontais. Is ionann sin agus cóir neamh-chomhionann de shárú ar Airteagal 20 den Chairt.

38. Measann Státrialtas na Baváire go bhfuil léiriú Herbaria ar Rialachán 2018/848 mícheart, agus nach féidir lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach a bheith ar tháirge de thionscnamh na Stát Aontaithe ach amháin má chomhlíonann sé na rialacha táirgthe a leagtar síos sa Rialachán sin. Dá bhrí sin, níl aon difríocht sa chóireáil.

39. Tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur, ar an gcéad dul síos, an bhféadfadh, in imthosca na bpríomhimeachtaí, lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach a bheith ar tháirge a allmhairítear ó na Stáit Aontaithe, cé nach gcomhlíonann sé ar gach bealach na ceanglais a leagtar síos le Rialachán 2018/848.

40. Ina dhiaidh sin, dá mb’amhlaidh an cás, fiafraíonn sí arbh ionann é sin agus cóir neamh-chomhionann a thairmisteat le hAirteagal 20 den Chairt agus, más amhlaidh an cás, an bhféadfaí údar a thabhairt leis an gcóir neamh-chomhionann sin i bhfianaise aitheantas a thabhairt do chineál coibhéiseach na dtáirgí atá i gceist nó ag na saoráidí tráchtála.

41. Ar deireadh, measann an chúirt a rinne an tarchur go dtagann an cheist chun cinn ar an gcaoi chéanna maidir leis an tagairt do tháirgeadh orgánach dá bhforáiltear in Airteagal 30(1) de Rialachán 2018/848, ar cuireadh toirmeasc ar a úsáid in Herbaria freisin.

42. De réir na cúirte a rinne an tarchur, i gcás ina dtáirgeann dhá ghnóthas an bia próiseáilte céanna lena gcomhlíontar rialacha coibhéiseacha táirgthe agus rialaithe tríú tír a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 48(1) de Rialachán 2018/848, ach nach gcomhlíonann, mar gheall ar chomhábhair áirithe a chur leis, na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 16(1) den Rialachán

sin, arna léamh i gcomhar le pointe 2.2.2(f) de Chuid IV d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin, agus gur mian leis an dá ghnóthas sin na táirgí faoi seach a mhargú san Aontas Eorpach leis an tásca ar tháirgeadh orgánach, tá, i bprionsabal, cóir neamh-chomhionann ann de réir bhrí Airteagal 20 den Chairt. De bhrí nach féidir leis an ngnóthas a tháirgeann san Aontas Eorpach, de bhun an dara habairt d'Airteagal 30(1) de Rialachán 2018/848, tásca an táirgthe orgánaigh a ghreamú dá tháirge, nuair a mhargaítear san Aontas Eorpach é, féadfaidh an gnóthas atá bunaithe i dtríú tír a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 48 den Rialachán sin an tásca sin a ghreamú dá tháirge féin. Mar thoradh air sin, faoi Airteagal 45(1)(b)(iii) de Rialachán 2018/848, féadfar táirge a chumhdaítear leis an Rialachán sin a allmhairiú ó thríú tír chun é a chur ar an margadh san Aontas Eorpach mar tháirge orgánach más rud é, *inter alia*, go dtagann sé ó thríú tír a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 48 den Rialachán sin agus má chomhlíonann sé rialacha coibhéiseacha táirgthe agus rialaithe an tríú tír sin, is é sin an cás le táirge atá coibhéiseach le 'Blutquick' a d'fhéadfaí a mhargú sna Stáit Aontaithe mar 'orgánach', cé gur cuireadh vitimíní agus mianraí cothaitheacha leis.

43. Sna himthosca sin, chinn an Bundesverwaltungsgericht (an Chúirt Riaracháin Chónaidhme) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais i gcomhair réamhrialú:

- 1) An gcaithfear Airteagal 33(1) de Rialachán 2018/848 a léiriú sa chaoi go gceadaítear lógó an Aontais Eorpaigh don táirgeadh orgánach a úsáid do bhia próiseáilte, a allmhairítear isteach san Aontas Eorpach mar tháirge orgánach lena chur ar an margadh faoi choinníollacha Airteagal 45(1) den Rialachán sin, ach, toisc go bhfuil, in éineacht le táirgí plandaí, mianraí agus vitimíní nach bhfuil de thionscnamh plandaí ann, nach bhfuil ag luí leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 16(1), arna léamh i gcomhar le pointe 2.2.2(f) de Chuid IV d'Iarscríbhinn II den Rialachán sin?
- 2) Más freagra dearfach a thabharfar ar an gcéad cheist, an bhfágann Airteagal 20 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh go gceadaítear lógó an Aontais Eorpaigh don táirgeadh orgánach a úsáid do bhia próiseáilte, i gcás inar táirge de thionscnamh an Aontais Eorpaigh é agus go gcomhlíonann sé ceanglais táirgthe agus rialaithe chomhionanna de thríú tír atá aitheanta de réir Airteagal 48(1) de Rialachán 2018/848, ach nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 16(1), arna léamh i gcomhar le pointe 2.2.2(f) de Chuid IV d'Iarscríbhinn II den Rialachán?
- 3) An bhfágann Airteagal 20 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh go gceadaítear, gan lógó an Aontais Eorpaigh don táirgeadh orgánach a úsáid, téarmaí a thagraíonn don táirgeadh orgánach a bheith ar bhia próiseáilte den sórt sin de thionscnamh an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 30(1) de Rialachán 2018/848?

44. Chuir Herbaria, Státrialtas na Baváire agus an Coimisiún barúlacha i scríbhinn isteach. Ghlac siad páirt, in éineacht le Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Parlaimint na hEorpa, ag an éisteacht a tionóladh an 18 Márta 2024, inar thug siad freagra ar na ceisteanna i gcomhair freagra ó bhéal a chuir an Chúirt.

IV. Anailís

45. Sula bhfreagraím ceisteanna na cúirte a rinne an tarchur, ba mhaith liom a mheabhrú nach bhfuil Herbaria ag cur ina choinne nach féidir lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach a bheith ar ‘Blutquick’ faoi reachtaíocht an Aontais Eorpaigh.

46. Chinn an Chúirt, in *Herbaria I*, ‘nach mór Airteagal 27(1)(f) de Rialachán Uimh. 889/2008 a léiriú sa chaoi nach gceanglaítear le dlí úsáid substainte dá dtagraítear san fhoráil sin ach amháin má cheanglaítear go díreach le riail de dhlí an Aontais nó le riail den dlí náisiúnta atá comhsheasmhach leis an riail sin an tsubstaint sin a chur le bia-ábhar ionas go ndéanfar é a mhargú go ginearálta’. Dúirt sí freisin ‘nach gceanglaítear leis an dlí substaint den sórt sin a úsáid, de réir bhrí na forála sin, i gcás ina margaítear bia mar fhorbhia, le maíomh cothúcháin nó sláinte nó mar bhia atá ceaptha lena úsáid chun críoch cothaitheach áirithe, cé go dtugtar le tuiscint leis sin, chun na forálacha maidir le substaintí a ionchorprú i mbianna’ atá i dtéacsanna áirithe de dhlí an Aontais a chomhlíonadh, ‘nach mór cainníocht shonraithe den tsubstaint atá i gceist a bheith sa bhia sin’.¹⁴

47. Cé gur tugadh é faoi Rialachán Uimh. 834/2007, tá an breithiúnas in *Herbaria I* fós bailí tar éis ghlacadh Rialachán 2018/848 a mhéid a thoirmisctear le hAirteagal 16(1) agus Iarscríbhinn II, Cuid IV, pointe 2.2.2(f)(i) a ghabhann leis an Rialachán sin mianraí, vitimíní, aimíonaigéid agus micreachothaithigh a chur leis mura gceanglaítear go sainráite go dlíthiúil iad a úsáid in earraí bia le forálacha dhlí an Aontais nó le forálacha an dlí náisiúnta atá comhoiriúnach le dlí an Aontais. Dá bhrí sin, fiú faoin Rialachán sin, ní féidir le Herbaria fós lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach a ghreamú de ‘Blutquick’, ina bhfuil vitimíní nach bhfuil de thionscnamh plandaí agus glúcónáit iarainn nach dtagann ón talamhaíocht orgánach.

48. Sna himeachtaí as ar eascair an breithiúnas in *Herbaria I*, rinne Herbaria, ina chuid barúlacha i scríbhinn, an baol a ardú cheana féin go ndéanfaí sárú ar chomhionannas idir ‘Blutquick’ agus táirge iomaíoch ó na Stáit Aontaithe a d’fhéadfadh, dar leis, tairbhe a bhaint as lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach. Ina Tuairim, bhí an tAbhcóide Ginearálta Sharpston den tuairim nár cheart don Chúirt Bhreithiúnais freagra a thabhairt ar an bpointe sin, ós rud é nár chuir an chúirt a rinne an tarchur ceist den sórt sin.¹⁵ Lean an Chúirt Bhreithiúnais an réasúnaíocht chéanna agus níor thug sí aghaidh ar an tsaincheist sin, nár ardaigh an chúirt a rinne an tarchur.¹⁶

49. Chun an ceart a fháil lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach a úsáid gan reachtaíocht an Aontais maidir le táirgeadh orgánach a chomhlíonadh, mhaígh Herbaria arís os comhair na cúirte a rinne an tarchur nach raibh cóir chomhionann ann idir ‘Blutquick’ agus táirge a allmhairíodh ó thríú tír (na Stáit Aontaithe) a aithníodh, i gcomhréir le hAirteagal 48 de Rialachán 2018/848, chun críoch coibhéise faoi Airteagal 33(2) de Rialachán Uimh. 834/2007, a d’fhéadfadh tairbhe a bhaint as lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach.

50. I bhfocail eile, bunaíonn Herbaria a argóint ar an gcinnteacht gur féidir an lógó sin a úsáid le haghaidh táirge den sórt sin de chuid na Stát Aontaithe agus go gcaitear ar bhealach éagsúil le ‘Blutquick’, ós rud é nach féidir é a ghreamú de, cé go gcomhfhreagraíonn sé do chaighdeáin táirgthe orgánaigh na Stát Aontaithe.

¹⁴ Féach breithiúnas *Herbaria I* (mír 51).

¹⁵ Féach Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Sharpston in *Herbaria Kräuterparadies* (C-137/13, EU:C:2014:318, míreanna 57 go 66).

¹⁶ Féach breithiúnas *Herbaria I* (míreanna 49 agus 50).

A. An chéad cheist arna tarchur

51. Lena céad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur den Chúirt an féidir, go bunúsach, lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach a ghreamú de tháirge a allmhairítear i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 45(1) de Rialachán 2018/848, ach nach gcomhlíonann ceanglais Airteagal 16(1) den Rialachán sin, arna léamh i gcomhar le pointe 2.2.2(f)(i) de Chuid IV d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin.

52. Chun an cheist sin a fhreagairt, is gá a chinneadh, ar thaobh amháin, cé na socruithe allmhairiúcháin is infheidhme agus, ar an taobh eile, cén Rialachán is infheidhme maidir leis an gcineál sin táirge allmhairithe.

53. Ar an gcéad dul síos, maidir leis an gcóras allmhairiúcháin is infheidhme, leagtar síos in Airteagal 45(1) de Rialachán 2018/848, ar a n-iarrann an chúirt a rinne an tarchur, trí riail mhionsonraithe maidir le hallmhairí a leagtar amach i mír 1(b) den Airteagal sin. Baineann an chéad cheann le táirgí a chomhlíonann caibidlí an Rialacháin sin maidir le cuspóirí agus prionsabail an táirgthe orgánaigh, rialacha táirgthe agus lipéadú (comhréireacht an táirge).¹⁷ Baineann an dara ceann le táirgí ó thríú tíortha ar aithin an tAontas ina leith faoi chomhaontú trádála go gcomhlíonann a gcóras táirgthe na cuspóirí agus na prionsabail chéanna trí rialacha a chur i bhfeidhm lena n-áiríthítear an leibhéal céanna dearbhaithe comhlíontachta agus atá ag an Aontas (coibhéis faoi chomhaontú trádála).¹⁸ Baineann an tríú ceann le táirgí a chomhlíonann rialacha coibhéiseacha táirgthe agus rialaithe an tríú tír arna n-aithint go haontaobhach ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 48 den Rialachán sin.¹⁹ Comhfhreagraíonn an riail dheireanach sin don riail a tugadh isteach le hAirteagal 33(2) de Rialachán Uimh. 834/2007 (coibhéis aontaobhach faoi Rialachán Uimh. 834/2007).

54. Éilíonn Herbaria go bhfuil allmhairiú táirgí SAM á rialú ag comhaontú trádála agus, dá bhrí sin, go dtagann sé faoi Airteagal 45(1)(b)(ii) de Rialachán 2018/848.

55. Cé gur fíor go ndearnadh malartú litreacha idir Roinn Talmhaíochta na Stát Aontaithe agus an Coimisiún, rinneadh an malartú sin i gcomhthéacs fhoilsiú Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 126/2012 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an 15 Feabhra 2012, lenar leasaíodh Rialachán Uimh. 1235/2008 ón gCoimisiún chun na Stáit Aontaithe a chur leis an liosta in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin mar thríú tír a gcomhlíonann a córas táirgthe prionsabail agus rialacha atá coibhéiseach leis na prionsabail agus na rialacha a leagtar síos i dTeidil II, III agus IV de Rialachán Uimh. 834/2007 agus a bhfuil éifeachtacht a mbeart rialaithe coibhéiseach leo siúd a leagtar síos i dTeideal V den Rialachán sin. Tháinig an Rialachán Cur Chun Feidhme sin i bhfeidhm ar an 1 Meitheamh 2012.

56. Dá bhrí sin, i ndáiríre, is de bhun Airteagal 33(2) de Rialachán Uimh. 834/2007 a údaraíodh allmhairí táirgí orgánacha ó na Stáit Aontaithe mar tháirgí a thagann ó thríú tír a bhfuil rialacha coibhéiseacha táirgthe agus rialaithe aici, is é sin le rá, de bhua coibhéis atá aitheanta go haontaobhach ag an gCoimisiún. Deimhníonn an Coimisiún an méid sin ina thuarascáil faoi Airteagal 49 de Rialachán 2018/848.²⁰

¹⁷ Féach Airteagal 45(1)(b)(i) de Rialachán 2018/848.

¹⁸ Féach Airteagal 45(1)(b)(ii) agus Airteagal 47 de Rialachán 2018/848.

¹⁹ Féach Airteagal 45(1)(b)(iii) de Rialachán 2018/848.

²⁰ Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le haitheantas a thabhairt do thríú tíortha chun críoch coibhéise i ndáil le táirgí orgánacha (COM (2022) 728 final), mír 3.

57. Ar an dara dul síos, a mhéid a bhaineann leis an gcóras dlí is infheidhme maidir leis an táirge allmhairithe, cé nach bhfuil aon amhras ann go bhfuil feidhm ag Rialachán 2018/848 anois maidir le táirgí an Aontais agus, chun tairbhe a bhaint as lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach, nach mór do ‘Blutquick’ ceanglais an Rialacháin sin a chomhlíonadh, níl an freagra chomh soiléir céanna a mhéid a bhaineann le táirgí a allmhairítear ó thríú tíortha a n-aithnítear a rialacha táirgthe mar rialaithe atá coibhéiseach.

58. Tá feidhm fós ag Rialachán Uimh. 834/2007, cé go n-aisghairtear é le Rialachán 2018/848, chun an scrúdú ar iarratais atá ar feitheamh ó thríú tíortha a chur i gcrích.²¹ Deimhnítear le hAirteagal 58 den Rialachán sin go bhfuil feidhm ag Rialachán aisghairthe Uimh. 834/2007 maidir le scrúdú a dhéanamh ar iarratais arna gcur isteach ag tríú tíortha faoi Airteagal 33(2) den Rialachán sin atá ar feitheamh an 17 Meitheamh 2018.

59. Tagraítear go sainráite in Aithris 3 de Rialachán Tarmligthe 2021/1342 don ghá atá le táirgí orgánacha allmhairithe, faoin gcóras allmhairiúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 48(1) de Rialachán 2018/848, go dtí deireadh na hidirthréimhse, a tháirgeadh i gcomhréir leis na rialacha táirgthe agus faoi réir córais rialaithe atá coibhéiseach leo sin a leagtar síos i Rialachán Uimh. 834/2007. Ar an gcaoi chéanna, tagraítear in Airteagal 1(1)(d) agus (e) den Rialachán Tarmligthe sin do choibhéis leis na rialacha táirgthe agus rialaithe a leagtar síos i Rialachán Uimh. 834/2007.

60. Go deimhin, d’fhéadfadh sé go n-eascródh an mhoill as an difríocht san fhoclaíocht idir Airteagal 33(2) de Rialachán Uimh. 834/2007, lena gcruthaítear an sásra coibhéise aontaobhaí sin le haghaidh tríú tíortha, agus Airteagal 45(1)(b)(iii) de Rialachán 2018/848, lena n-atáirgtear an sásra sin.

61. Cé go luaitear in Airteagal 33(2) de Rialachán Uimh. 834/2007 ‘féadfaidh an Coimisiún aitheantas a thabhairt do thríú tíortha a gcomhlíonann a gcórais táirgthe prionsabail agus rialacha táirgthe atá coibhéiseach leis na cinn a leagtar síos i dTeidil II^[22], III^[23] agus IV^[24] agus a bhfuil éifeachtacht a mbeart rialaithe coibhéiseach le héifeachtacht na mbeart rialaithe a leagtar síos i dTeideal V^[25] agus liosta de na tíortha sin a tharraingt suas’, luaitear in Airteagal 45(1)(b)(iii) de Rialachán 2018/848 ‘go gcomhlíonann an táirge [...] rialacha coibhéiseacha táirgthe agus rialaithe an tríú tír sin’. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

62. Ar an gcéad amharc, is cosúil nach gcomhfhreagraíonn raon feidhme na coibhéise atá á lorg idir an dá Airteagal sin, ós rud é nach ndéantar tagairt shainráite in Airteagal 45 de Rialachán 2018/848 do na rialacha maidir le lipéadú.

63. Mar sin féin, níor cheart léiriú difriúil ar an dá Airteagal sin maidir le coibhéis a bheith mar thoradh ar an difríocht sin san fhoclaíocht, rud a d’fhéadfaí a mhíniú leis an bhfíoras go bhfuil an chuid sin d’Airteagal 45(1)(b)(iii) de Rialachán 2018/848 mar thoradh ar leasú ag an bParlaimint.²⁶

²¹ Féach Airteagail 56 agus 58 de Rialachán 2018/848.

²² Teideal II, dar teideal ‘Cuspóirí agus prionsabail an táirgthe orgánaigh’.

²³ Teideal III, dar teideal ‘Rialacha táirgthe’.

²⁴ Teideal IV, dar teideal ‘Lipéadú’.

²⁵ Teideal V, dar teideal ‘Seiceálacha’.

²⁶ Féach nóta faisnéise an 27 Aibreán 2018 ó Ardrúnaíocht na Comhairle chuig an gCoiste Speisialta um Thalmhaíocht/an Chomhairle maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. XXX/XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an Rialachán maidir le rialuithe oifigiúla] agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle. An toradh ar chéad léamh Pharlaimint na hEorpa (Strasbourg, an 16 go 19 Aibreán 2018) (doiciméad 8060/1/18), lch. 168.

Sa chéad leagan, áirítear rialacha lipéadaithe i bprionsabail agus i rialacha an táirgthe. Dá dheasca sin, i gcás ina dtagraítear do rialacha maidir le táirgeadh in Airteagal 45(1)(b)(iii) de Rialachán 2018/848, áirítear na rialacha maidir le lipéadú, rud atá contrártha leis an méid a mhaíonn an Coimisiún ina bharúlacha i scríbhinn.

64. D'fhonn an chéad cheist a tarchuireadh chun réamhrialú a fhreagairt, feictear dom nach mór idirdhealú a dhéanamh idir an cás ina gcomhlíonann an táirge ceanglais Rialachán 2018/848²⁷ agus an dá chás allmhairiúcháin eile a bhraitheann ar shásra coibhéise faoi chomhaontú trádála²⁸ nó faoi Rialachán Uimh. 834/2007.²⁹

65. A mhéid a bhaineann le táirgí a chomhlíonann ceanglais Rialachán 2018/848, níl aon rud ann chun cosc a chur ar úsáid lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach, ós rud é go luaitear in Airteagal 33(1) den Rialachán sin go bhféadfar é a úsáid chun lipéadú, cur i láthair agus fógraíocht a dhéanamh ar tháirgí a chomhlíonann an Rialachán sin.

66. A mhéid a bhaineann le táirgí a allmhairítear ar bhonn na coibhéise faoi chomhaontú trádála nó faoi Rialachán Uimh. 834/2007, cé go dtagann úsáid lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach faoi Airteagal 33(1) de Rialachán 2018/848 agus, i gcás an dara ceann, faoi Airteagal 25 de Rialachán Uimh. 834/2007,³⁰ agus go ndéantar tagairt leis an dá Airteagal sin do chomhlíonadh na gceanglas a leagtar síos sa Rialachán is infheidhme, molaim go ndéileálfai le léiriú an dá Airteagal sin le chéile. Is mó fós an t-údar atá leis sin ós rud é, má tá an córas coibhéise aontaobhach faoi Rialachán Uimh. 834/2007 ceaptha críochnú an 31 Nollaig 2026,³¹ go bhfuil sé beartaithe an córas coibhéise nua bunaithe ar chomhaontú trádála a chur ina ionad i gcás inar eisigh an Chomhairle treoracha don Choimisiún d'fhonn na comhaontuithe sin a thabhairt i gcrích³² agus go mbeidh feidhm ag an léiriú a ghlactar ar cheann amháin díobh maidir leis an gceann eile mar gheall ar chéannacht na dtéarmaí a úsáidtear.

67. Ós rud é nach féidir lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach a úsáid ach amháin chun táirgí a chomhlíonann an Rialachán is infheidhme a lipéadú, a chur i láthair agus a fhógairt, is é an toradh atá ar an léiriú litriúil ar fhoclaíocht Airteagal 33(1) de Rialachán 2018/848 agus Airteagal 25 de Rialachán Uimh. 834/2007 go bhfuil úsáid an lógó sin srianta do tháirgí comhlíontacha (agus ní do tháirgí coibhéiseacha).

68. Dá mba rud é go raibh an léiriú sin i réim, dhearfaí an lógó sin mar an mharcáil CE nó mar Éicilipéad AE, mar shampla, ar marcanna iad go bhfuil rialacha comhchuibhithe an Aontais á gcomhlíonadh, bunaithe ar chomhlíontacht an táirge leis na rialacha sin.

²⁷ Féach Airteagal 45(1)(b)(i) de Rialachán 2018/848.

²⁸ Féach Airteagal 45(1)(b)(ii) de Rialachán 2018/848.

²⁹ Féach Airteagal 45(1)(b)(iii) de Rialachán 2018/848.

³⁰ Maidir le 'lógó an Chomhphobail maidir le táirgeadh orgánach', a athainmníodh mar 'lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach' i ndiaidh Chonradh Liospóin, féach aithris 4 de Rialachán (AE) Uimh. 271/2010 ón gCoimisiún an 24 Márta 2010 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 889/2008 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach (IO 2010 L 84, lch. 19).

³¹ Féach Airteagal 1(2) de Rialachán 2020/1693.

³² Féach nóta an 24 Meitheamh 2021 ó Ardrúnaíocht na Comhairle chuig na toscaireachtaí maidir leis an larscríbhinn a ghabhann leis an Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraitear tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontuithe maidir le trádáil i dtáirgí orgánacha idir an tAontas Eorpach agus an Airgintín, an Astráil, Ceanada, Cósta Ríce, an India, Iosrael, an tSeapáin, an Nua-Shéalainn, Poblacht na Cóiré, an Túinéis agus Stáit Aontaithe Mheiriceá.

69. Is é an marc CE an t-aon mharc lena bhfianaítear comhréireacht an táirge le ceanglais infheidhme reachtaíocht chomhchuibhithe ábhartha an Aontais lena ndéantar foráil maidir lena ghreamú.³³ Tríd an marc CE a ghreamú, cuireann an monaróir in iúl go nglacann sé freagracht as an táirge a bheith i gcomhréir leis na ceanglais uile is infheidhme a leagtar amach i reachtaíocht ábhartha an Aontais um chomhchuibhiú lena ndéantar foráil maidir lena ghreamú.³⁴ Táirgí de thionscnamh tríú tíortha a thagann isteach i margadh an Aontais, ní mór dóibh ceanglais uile an Aontais is infheidhme a chomhlíonadh.³⁵

70. Maidir le hÉicilipéad AE,³⁶ ní féidir é a úsáid ach amháin i dtaca le táirgí a chomhlíonann critéir Éicilipéad AE is infheidhme maidir leis na táirgí lena mbaineann agus ar dámhadh Éicilipéad AE ina leith.³⁷ I gcás ina dtionscnaíonn táirge in áit lasmuigh den Aontas, déanfar an t-iarratas a thíolacadh do chomhlacht inniúil in aon cheann de na Ballstát ina bhfuil an táirge le cur ar an margadh nó inar cuireadh an táirge ar an margadh.³⁸ Níl aon chritéir éagsúla ann maidir le bronnadh an lipéid ar tháirgí a allmhairítear taobh istigh den Aontas.

71. Léiriú litriúil ar Airteagal 33(1) de Rialachán 2018/848 agus Airteagal 25 de Rialachán Uimh. 834/2007 lena bhforchoimeádtar lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach do tháirgí a chomhlíonann an Rialachán is infheidhme, agus do na táirgí sin amháin, d'fhéadfadh údar cuí a bheith leis, fiú más ann do tháirgí allmhairithe nach gcomhlíonann rialacha orgánacha na tíre tionscnaimh.

72. Foráiltear le hAirteagal 25(2) de Rialachán Uimh. 834/2007 agus le hAirteagal 33(5) de Rialachán 2018/848 go bhféadfar lógónna náisiúnta agus príobháideacha a úsáid le haghaidh lipéadú, cur i láthair agus fógraíocht táirgí a chomhlíonann an Rialachán is infheidhme, agus go bhfuil úsáid lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach roghnach le haghaidh táirgí a allmhairítear ó thríú tíortha.³⁹ D'fhéadfaí a bheartú, dá bhrí sin, i gcás allmhairí ar bhonn coibhéise, go n-urramaítear go nglacfaí laistigh den Aontas, ar bhonn an aitheantais fhrithpháirtigh, leis na lógónna náisiúnta nó príobháideacha sin lena ndeimhnítear gur cheart na rialacha náisiúnta nó príobháideacha ar cheart do tháirgí allmhairithe iad a chomhlíonadh sa tír thionscnaimh, ach go ndéanfaí lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach a fhorchoimeád do tháirgí a chomhlíonann ceanglais an Rialacháin is infheidhme, ar mhaithe le comhchuibhiú agus soiléireacht don tomhaltóir ar chríoch an Aontais.

73. Thairis sin, ní bheadh aitheantas frithpháirteach den sórt sin mar aon le húsáid lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach atá forchoimeáda do tháirgí comhlíontacha contrártha d'fhorálacha an Chomhaontaithe maidir le Bacainní Teicniúla ar Thrádáil,⁴⁰ ós rud é

³³ Féach Airteagal 30(4) de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 ón gComhairle (IO 2008 L 218, lch. 30).

³⁴ Féach Airteagal 30(3) de Rialachán Uimh. 765/2008.

³⁵ Féach aithris 22 de Chinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le comhchreat le haghaidh margú táirgí, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 93/465/CEE ón gComhairle (IO 2008 L 218, lch. 82).

³⁶ Leagtar amach foirm an lipéid sin in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 66/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le hÉicilipéad AE (IO 2010 L 27, lch. 1).

³⁷ Féach an dara fomhír d'Airteagal 9(2) de Rialachán Uimh. 66/2010.

³⁸ Féach Airteagal 9(1)(c) de Rialachán Uimh. 66/2010.

³⁹ Féach an fhomhír dheireanach d'Airteagal 24(1) de Rialachán Uimh. 834/2007 agus Airteagal 33(3) de Rialachán 2018/848.

⁴⁰ Comhaontú atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann leis an gComhaontú lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT), arna fhorghas le Cinneadh 94/800/CE ón gComhairle an 22 Nollaig 1994 i ndáil le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, a mhéid a bhaineann le hábhair laistigh dá inniúlacht, na gcomhaontuithe ar thángthas orthu faoi Bhabhta Uragua de chaibidlíochtaí iltaobhacha (1986-1994) (IO 1994 L 336, lch. 1) ('Comhaontú BTT').

nach bhfuil toirmeasc ach ar Rialacháin theicniúla,⁴¹ ar chaighdeáin theicniúla⁴² agus ar nósanna imeachta um measúnú comhréireachta⁴³ lena dtugtar cóir is lú fabhar do tháirgí allmhairithe i gcomparáid le táirgí intíre. Sa chás sin ní hé an t-allmhaireoir a dhéanann gearán faoi chóir nach bhfuil chomh fabhrach, ach is é táirgeoir an Aontais a dhéanann gearán go gcaitear ar bhealach níos fabhraí le táirge allmhairithe.

74. D'fhéadfadh sé go mbeadh úsáid lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach teoranta do tháirgí a chomhlíonann an Rialachán ábhartha mar thoradh ar léiriú teileolaíoch freisin. I Rialachán Uimh. 834/2007 agus i Rialachán 2018/848 araon, leagtar béim ar an ngá atá le muinín tomhaltóirí as an táirgeadh orgánach, maidir le lipéadú agus trédhearcacht.⁴⁴

75. Mar sin féin, cé go bhféadfadh iad a bheith tarraingteach, tagann na léirmhínte liteartha agus teileolaíocha sin salach ar rún reachtas an Aontais a nochtadh go soiléir i ndoiciméid éagsúla agus go háirithe leis na travaux préparatoires le haghaidh Rialachán 2018/848.

76. Ó 2004 i leith, dealraíonn sé i Rialachán (CE) Uimh. 392/2004⁴⁵ go bhféadfaí an lógó a léiríonn gur cumhdaíodh táirgí faoin gcóras rialaithe a leagadh síos le reachtaíocht an Chomhphobail ag an am a ghreamú de tháirgí a allmhairíodh ó thíortha nach Ballstáit iad.⁴⁶ An bhliain chéanna, sa Phlean Gníomhaíochta Eorpach maidir le Feirmeoireacht Bhia agus Orgánach,⁴⁷ dhírigh an Coimisiún, i nGníomh 19, ar iarrachtaí a mhéadú chun tríú tíortha a áireamh ar an liosta coibhéise, lena n-áirítear measúnuithe ar an láthair, atá beartaithe chun rochtain ar lógó an Chomhphobail a thabhairt do na táirgí go léir a allmhairítear ar bhonn coibhéise. Dheimhnigh sí an seasamh sin san iarscríbhinn a ghabhann leis an bplean gníomhaíochta sin trína chur in iúl go raibh gníomh 19 dírithe ar úsáid níos leithne a bhaint as an lógó ar tháirgí allmhairithe.⁴⁸

77. In 2014, sa mheasúnú tionchair ar an dréacht Rialachán a ndéanfar Rialachán 2018/848 de, dúirt an Coimisiún, tar éis dó na córais allmhairiúcháin éagsúla a mhionsonrú ar bhonn comhlíontachta nó coibhéise, go bhféadfadh lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach a bheith ar gach táirge allmhairithe.⁴⁹

78. Dá bhrí sin, is léir go bhfuil roinnt córais allmhairiúcháin ann nó gurbh ann dóibh cheana, córas amháin atá bunaithe ar chomhlíonadh, agus córas eile atá bunaithe ar choibhéis, ach go bhfuil nó go raibh siad uile beartaithe chun úsáid lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach a cheadú.

⁴¹ Féach Airteagal 2.1 de Chomhaontú BTT.

⁴² Féach Iarscríbhinn 3(D) a ghabhann le Comhaontú BTT, dar teideal 'Forálacha substainteacha'.

⁴³ Féach Airteagal 5.1 agus 5.1.1 de Chomhaontú BTT.

⁴⁴ Féach aithrisí 3, 5 agus 22, agus Airteagal 1(1) agus an dara fohír d'Airteagal 23(2) de Rialachán Uimh. 834/2007 agus aithrisí 6, 15, 17, 67, 121 agus 123, an dara fohír d'Airteagal 30(2) agus Airteagal 46(9) de Rialachán 2018/848.

⁴⁵ Rialachán ón gComhairle an 24 Feabhra 2004 lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2092/91 maidir le táirgeadh orgánach táirgí talmhaíochta agus sonraí lena dtagraítear dó ar tháirgí talmhaíochta agus ar earraí bia (IO 2004 L 65, lch. 1).

⁴⁶ Féach aithris 6 de Rialachán Uimh. 392/2004.

⁴⁷ Féach an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa, dar teideal 'Plean gníomhaíochta Eorpach maidir le bia agus feirmeoireacht orgánach' (COM (2004) 415 final).

⁴⁸ Féach nóta cumhdaigh an 14 Meitheamh 2004, d'Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, ó Patricia Bugnot, Stiúrthóir, go Javier Solana, Ardrúnaí/Ardionadaí, maidir le doiciméad inmheánach oibre an Choimisiúin - Iarscríbhinn a ghabhann leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Plean gníomhaíochta Eorpach maidir le bia agus feirmeoireacht orgánach' (doiciméid 10436/04), lgh. 13 agus 31.

⁴⁹ Féach nóta cumhdaigh an 26 Márta 2014 d'Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, ó Jordi Ayet Puigarnau, Stiúrthóir, chuig Uwe Corsepius, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh maidir leis an tuarascáil ar an measúnú tionchair a ghabhann leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. XXX/XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an Rialachán maidir le rialuithe oifigiúla] agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle – Cuid 3/3, lch. 52.

79. Ar an gcaoi sin, ní hamháin go meastar gur comhlíonadh rialacha an Aontais é comhlíonadh, ach meastar gur comhlíonadh rialacha an chomhaontaithe trádála ábhartha, an tríú tír ábhartha nó an chomhlachta rialaithe ábhartha é a fuarthas a bheith coibhéiseach. Dá bhrí sin, le hAirteagal 25(1) de Rialachán Uimh. 834/2007 agus Airteagal 33(1) de Rialachán 2018/848, agus tagairt á déanamh do chomhréireacht le ceanglais an Rialacháin is infheidhme, ní mór a thuiscint go gceanglaítear comhréireacht leis na rialacha táirgthe agus rialaithe a mheastar a bheith coibhéiseach le rialacha an Rialacháin is infheidhme.

80. Níl faisnéis do thomhaltóirí in easnamh ón rogha sin a rinne reachtas an Aontais.

81. Cé gurb ionann lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach i gcás gach táirge orgánaigh allmhairithe agus neamh-allmhairithe, athraíonn na tásca éigeantacha ag brath ar thionscnamh an amhábhair agus ar an áit ina ndéantar comhlíonadh na gcaighdeán orgánach a sheiceáil.

82. Dá bhrí sin, foráiltear le hAirteagal 24(1)(c) de Rialachán Uimh. 834/2007 agus Airteagal 32(2) de Rialachán 2018/848, i gcás ina n-úsáidtear an lógó, nach mór léiriú a bheith ann, sa réimse radhairc céanna, ar an áit inar táirgeadh na hamhábhair, i gcás inarb iomchuí, i gceann de na foirmeacha seo a leanas: ‘Talmhaíocht an Aontais’, ‘Talmhaíocht nach Talmhaíocht de chuid an Aontais í’ nó ‘Talmhaíocht de chuid an Aontais/Talmhaíocht nach Talmhaíocht de chuid an Aontais í’.

83. Ar an gcaoi chéanna, foráiltear le mír 1 de Chuid B d’Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Uimh. 889/2008 (arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 271/2010 ón gCoimisiún an 24 Márta 2010),⁵⁰ lena gcuirtear Rialachán Uimh. 834/2007 chun feidhme, agus le mír 2(a) d’Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán 2018/848 go mbeidh códuimhreacha ag gabháil leis an lógó a gcomhfhreagraíonn an chéad dá litir díobh do chód ISO na tíre ina ndéantar na seiceálacha comhréireachta.

84. Dá bhrí sin, trí scrúdú a dhéanamh ar an lógó agus ar na sonraí éigeantacha, is féidir a fháil amach, ar an gcéad dul síos, gur fásadh amhábhair na dtáirgí ar a bhfuil lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach ar a bhfuil an tasc ‘Talmhaíocht AE’ i gcomhréir le caighdeán an Aontais agus, ar an dara dul síos, gur seiceáladh rialacha táirgthe orgánaigh na tíre a shonraítear sa chód tíre, agus é á shonrú gurb é an t-údarás rialaithe inniúil nó an comhlacht rialaithe inniúil an t-oibreoir lena mbaineann an t-oibreoir a rinne an oibríocht dheireanach táirgthe nó ullmhúcháin.⁵¹

85. Dá bhrí sin, tá an fhaisnéis shainordaitheach seo a leanas ar an táirge atá in iomaíocht le ‘Blutquick’: ‘US’ agus ‘Talmhaíocht nach Talmhaíocht de chuid an Aontais í’. Ba cheart an lógó ar a bhfuil na tásca ‘DE’ agus ‘Talmhaíocht de chuid an Aontais’ a bheith ar ‘Blutquick’, má tá sé údaraithe lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach a bheith air.

86. Ag an éisteacht, thagair Herbaria do chás táirge arb é atá ann amhábhair a táirgeadh san Aontas Eorpach agus a d’onnmhaireofaí chuig na Stáit Aontaithe lena bpróiseáil sa tír sin. D’fhéadfadh táirge próiseáilte den sórt sin, má chomhlíonann sé rialacha na Stát Aontaithe maidir le táirgeadh orgánach, lógó an Aontais maidir le táirgeadh orgánach a fháil nuair a allmhairítear isteach san Aontas é. Mar sin féin, tá tásca ‘US’ agus ó ‘Thalmhaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh’ ag gabháil leis an dara ceann acu sin.

⁵⁰ IO 2010 L 84, lch. 19.

⁵¹ Féach Airteagal 24(1)(a) de Rialachán Uimh. 834/2007 agus Airteagal 32(1)(a) de Rialachán 2018/848.

87. Feictear dom gur ag an gcéim seo den réasúnaíocht nach mór scrúdú a dhéanamh ar bhailíocht na reachtaíochta atá i gceist. Ardaíodh an cheist sin ag an éisteacht tar éis ceist i gcomhair freagra ó bhéal ón mBreitheamh is Rapóirtéir maidir le hAirteagal 45(1)(b)(iii) de Rialachán 2018/848 agus mar thoradh air sin rinne an Pharlaimint agus an Chomhairle idirghabháil sa nós imeachta.

88. Maidir leis an taifead, ba cheart a mheabhrú go bhfuil corrlach lánroghnach leathan ag reachtas an Aontais i ndáil le CBT, a chomhfhreagraíonn do na freagrachtaí polaitiúla a thugtar dó le hAirteagail 40 agus 43 CFAE agus gur chinn an Chúirt arís agus arís eile nach féidir difear a dhéanamh do dhlíthiúlacht birt arna ghlacadh sa réimse sin ach amháin más léir go bhfuil an beart míchuí ag féachaint don chuspóir atá an institiúid inniúil ag iarraidh a shaothrú.⁵²

89. Tá comhthuiscint ann go dtagann an reachtaíocht is infheidhme sa chás seo faoi raon feidhme CBT. Tá dhá chuspóir luaite leis an Rialachán seo i bhfabhar an táirgthe orgánaigh: margadh sonrach a sholáthar a fhreagraíonn don éileamh ar tháirgí orgánacha ó thomhaltóirí, ar thaobh amháin, agus, ar an taobh eile, ina gcuirtear earraí ar fáil don phobal leis, ar earraí iad a chuidíonn leis an gcomhshaol agus le leas ainmhithe a chosaint, agus a chuidíonn freisin le forbairt tuaithe.⁵³ Dá bhrí sin, comhlíonann allmhairiú táirgí orgánacha an dá chuspóir sin. Cuidíonn allmhairí faoi chóras coibhéise freisin leis an margadh do tháirgí orgánacha a fhorbairt agus feirmeoireacht atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol a chur chun cinn lasmuigh den Aontas.

90. Leagtar amach i Rialachán Uimh. 834/2007 agus 2018/848 freisin muinín tomhaltóirí⁵⁴ agus iomaíocht chóir mar chuspóirí.⁵⁵ Fiú má táthar chun na cuspóirí sin a bhaint amach, táim den tuairim, amhail an Chomhairle agus an Pharlaimint, go n-áirithítear leis an rogha a rinne reachtas an Aontais cead a thabhairt lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach a bheith ar tháirgí orgánacha arna n-allmhairiú i gcomhréir le rialacha áirithe, mar aon leis an tásca éigeantach ar thionscnamh na n-amhábh agus tír thionscnaimh na seiceála comhréireachta, go gcuirtear tomhaltóirí ar an eolas go cuí agus go bhfuil an iomaíocht cothrom go leor.

91. Maidir le hiomaíocht chóir, léiríonn travaux préparatoires Rialachán Uimh. 834/2007,⁵⁶ *inter alia*, go raibh reachtóir an Aontais ar an eolas go maith faoin mbaol go mbeadh iomaíocht éagórach ann, ós rud é gur cháin roinnt toscaireachtaí úsáid an chórais coibhéise laistigh de theorainneacha na dtreoracha *Codex Alimentarius*⁵⁷ agus gur chuir siad in iúl go raibh imní orthu faoi mhuinín na dtomhaltóirí a chailleadh agus faoi chosaint na dtomhaltóirí a laghdú.

92. Mar a luadh thuas, áfach, áirithítear faisnéis do thomhaltóirí trí lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach a bheith ann mar aon leis an bhfaisnéis éigeantach a luaitear thuas.

93. Is fíor, cé go bhféadfaí modhanna eile a roghnú, nach léir go bhfuil an modh a roghnaíodh míchuí, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do dhlíthiúlacht na forála amháin.

⁵² Féach breithiúnas an 12 Iúil 2012, *Association Kokopelli* (C-59/11, EU:C:2012:447, mír 39 agus an cásdlí dá dtagraítear).

⁵³ Féach aithris 1 de Rialachán Uimh. 834/2007 agus Rialachán 2018/848.

⁵⁴ Féach fonóta 44 den Tuairim seo.

⁵⁵ Féach aithrisí 3 agus 23 agus Airteagal 1(1) agus Airteagal 41(2)(c) de Rialachán Uimh. 834/2007 agus aithrisí 6, 17, 73, 85, 99, 121 agus 123 agus Airteagal 46(9) de Rialachán 2018/848.

⁵⁶ Féach doiciméad 8136/06 ón gComhairle an 6 Aibreán 2006 maidir le toradh an phlé a rinne an grúpa 'Caighdeán an bhia' (Feirmeoireacht Orgánach) ag cruinniú an 30 agus 31 Márta 2006, mír 17.

⁵⁷ Treoirilínte *Codex Alimentarius* CAC/GL 32 maidir le táirgeadh, próiseáil, lipéadú agus margú bia a tháirgtear go horgánach agus a tháirgtear faoi choimirce Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe agus na hEagraíochta Domhanda Sláinte.

94. Thairis sin, ní fhágtar faoi threallachas an Choimisiúin aitheantas coibhéise a thabhairt do thríú tíortha. Cuirtear teorainn le corrlach lánroghnach an Choimisiúin le hAirteagal 33(2) de Rialachán Uimh. 834/2007⁵⁸ agus ní mór dó treoirlínte Codex Alimentarius CAC/GL 32 a chur san áireamh.

95. In aon chás, ní hé Airteagal 45(1)(b)(iii) de Rialachán 2018/848 an fhoráil a bhfuil a dlíthiúlacht faoi dhíospóid, ach Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 126/2012, a chuir na Stáit Aontaithe leis an liosta de thríú tíortha a n-aithnítear a gcóras a bheith coibhéiseach, agus a mhéid amháin a cheadaigh sé allmhairiú táirgí nach gcuirtear vitimíní nach bhfuil de thionscnamh plandaí agus glúcónáit iarainn leo ón talamhaíocht orgánach.

96. Molaim, dá bhrí sin, go ndéanfaí an chéad cheist ón gcúirt a rinne an tarchur, maidir le táirgí arna n-allmhairiú ar bhonn na coibhéise faoi Rialachán Uimh. 834/2007, a fhreagairt mar seo a leanas trí Airteagal 45(1)(b)(iii) de Rialachán 2018/848 a chur i bhfeidhm: Ní mór Airteagal 25(1) de Rialachán Uimh. 834/2007 a léiriú sa chaoi go bhféadfar lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach, in éineacht leis na sonraí sainordaitheacha dá bhforáiltear in Airteagal 24 den Rialachán sin, a ghreamú de tháirgí a allmhairítear ó thríú tír ar bhonn Airteagal 45(1)(b)(iii), Airteagal 48(1) agus Airteagal 58 de Rialachán 2018/848 i gcás ina gcomhlíonann na táirgí sin rialacha táirgthe agus rialaithe na tíre sin a áirítear ar an liosta in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Uimh. 1235/2008.

B. An dara agus an tríú ceist a tarchuireadh

97. Lena dara ceist agus a tríú ceist, arb iomchuí déileáil leo le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an gciallaíonn Airteagal 20 den Chairt go bhféadfar lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach nó téarmaí lena dtagraítear do tháirgeadh orgánach i gcomhréir le hAirteagal 30(1) de Rialachán 2018/848 a úsáid le haghaidh bia próiseáilte i gcás gur as an Aontas Eorpach a thagann an bia-ábhar sin agus ina gcomhlíonann sé rialacha coibhéiseacha táirgthe agus rialaithe tríú tír a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 48(1) den Rialachán sin, ach nach gcomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 16(1) den Rialachán sin, arna léamh i gcomhar le pointe 2.2.2(f) de Chuid IV d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin.

98. Mar mheabhrú, maidir le 'Blutquick', ní mór dó coinníollacha na rialacha nua a chomhlíonadh, eadhon Rialachán 2018/848, chun bheith in ann lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach a úsáid.

99. Maidir le húsáid téarmaí a thagraíonn do tháirgeadh orgánach, forchoimeádan Airteagal 30(1) de Rialachán 2018/848 an ceart do tháirgí a tháirgtear i gcomhréir leis an Rialachán sin. Is ionann an comhlíonadh a cheanglaítear agus an comhlíonadh a cheanglaítear le hAirteagal 33(1) den Rialachán sin maidir le húsáid lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach. Dá bhrí sin, ní mór an anailís a bheith mar an gcéanna maidir le comhlíonadh phrionsabal an chomhionannais.

⁵⁸ Foráiltear leis an Airteagal sin 'go bhféadfaidh an Coimisiún aitheantas a thabhairt do thríú tíortha a gcomhlíonann a gcóras táirgthe prionsabail agus rialacha táirgthe atá coibhéiseach leis na cinn a leagtar síos i dTeideal II, III agus IV agus a bhfuil éifeachtacht a mbeart rialaithe coibhéiseach le héifeachtacht na mbeart a leagtar síos i dTeideal V agus déanfaidh sé liosta de na tíortha sin a tharraingt suas'. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

100. Thairis sin, a mhéid a bhaineann le hurramú phrionsabal an chomhionannais, a chumhdaítear in Airteagal 20 den Chairt, chinn an Chúirt go comhsheasmhach nach féidir caitheamh le cásanna inchomparáide ar bhealach difriúil agus nach féidir caitheamh le cásanna difriúla ar an mbealach céanna ach amháin má tá údar oibiachtúil leis an gcóir sin.⁵⁹

101. Sa chás seo, d’ainneoin dhearbhuithe Herbaria, níl na cásanna inchomparáide agus ní thugtar an chóir chéanna dóibh sa mhargadh réamhtheachtach. In aon chás, fiú ó thaobh an tomhaltóra de, d’fhéadfadh údar a bheith le cóir neamh-chomhionann.

102. I bhfianaise inchomparáideacht cásanna réamhtheachtacha maidir le rochtain ar an margadh, ní mór do ‘Blutquick’ rialacha an Aontais a chomhlíonadh, agus ní mór do tháirge na Stát Aontaithe rialacha na Stát Aontaithe a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, níl na cásanna inchomparáide agus is féidir déileáil leo ar bhealach difriúil.

103. Ar aon chuma, ó thaobh na hinchomparáideachta de ó thaobh an tomhaltóra de, ar an taobh eile, tá an dá tháirge inchomparáide, ós rud é go bhfuil vitimíní neamh-phlandúla agus glúcónáit iarainn neamhorgánaigh iontu araon. Mar sin féin, ní chaitear leo ar an mbealach céanna faoin Rialachán, toisc go bhfuil lógó táirgthe orgánaigh an Aontais Eorpaigh ar tháirge SAM le tagairtí na tíre do sheiceáil comhlíontachta ‘US’ agus do ‘thalmhaíocht nach talmhaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh í’, ach ní féidir an lógó sin a bheith ar ‘Blutquick’, fiú le téarmaí éagsúla. Dá bhrí sin, ó thaobh an tomhaltóra de, bheadh an chóireáil éagsúil.

104. Mar sin féin, tá údar maith le haon chóir neamh-chomhionann i ngeall ar na tosca seo a leanas.

105. Ar an gcéad dul síos, dá ndéanfaí fáil lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach a ailíniú le rialacha a aithnítear a bheith coibhéiseach, cé go bhfuil siad éagsúil i ngnéithe áirithe, bhainfí gach éifeachtúlacht de rialacha orgánacha an Aontais i gcríoch an Aontais.

106. Ar an dara dul síos, tá éifeachtaí tairbhiúla ag an Rialachán sin ní hamháin do thomhaltóirí, ar féidir leo bia ar chaighdeán níos fearr a ithe, ach freisin d’ithreacha an Aontais agus don chomhshaol a mbeidh a dtáirgeadh orgánach níos measúla, rud a rachaidh chun tairbhe do chónaitheoirí uile an Aontais, lena n-áirítear iad siúd nach n-itheann táirgí orgánacha. Áirithítear leis, dá bhrí sin, cosaint an tomhaltóra agus an chomhshaoil, i gcomhréir le hAirteagail 37 agus 38 den Chairt.

107. Ar an tríú dul síos, má cheadaítear táirgí orgánacha a allmhairiú, lena n-áirítear ar bhonn na coibhéise, is dócha, ar thaobh amháin, go méadófar soláthar táirgí orgánacha do thomhaltóirí agus, ar an taobh eile, go gcuirfear modhanna táirgthe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol chun cinn i limistéir gheografacha eile.

108. Dá bhrí sin, molaim gurb é an freagra ba cheart a thabhairt ar an gcúirt a rinne an tarchur nach gcuirtear cosc le hAirteagal 20 den Chairt ar lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach dá bhforáiltear in Airteagal 33(1) de Rialachán 2018/848 ná ar théarmaí lena dtagraítear do tháirgeadh orgánach faoi Airteagal 30(1) den Rialachán sin a úsáid le haghaidh bia próiseáilte, i gcás inar de thionscnamh an Aontais Eorpaigh an t-earra bia sin agus ina gcomhlíonann sé rialacha coibhéiseacha táirgthe agus rialaithe tríú tír aitheanta i gcomhréir le hAirteagal 48(1) de

⁵⁹ Féach breithiúnas an 8 Meán Fómhair 2022, *Ametic* (C-263/21, EU:C:2022:644, mír 56 agus an cásdlí dá dtagraítear).

Rialachán 2018/848, ach nach gcomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 16(1) den Rialachán sin, arna léamh i gcomhar le pointe 2.2.2(f) de Chuid IV d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin.

V. Conclúid

109. I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, molaim go bhfreagródh an Chúirt Bhreithiúnais na ceistanna a tharchuir an Bundesverwaltungsgericht (Cúirt Riaracháin Chónaidhme, an Ghearmáin) le haghaidh réamhrialú mar seo a leanas:

- 1) Ní mór Airteagal 25(1) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2007 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) 2092/91

a léiriú sa chaoi:

go bhféadfar lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach, in éineacht leis na sonraí sainordaitheacha dá bhforáiltear in Airteagal 24 den Rialachán sin, a ghreamú de tháirgí a allmhairítear ó thríú tír ar bhonn Airteagal 45(1)(b)(iii), Airteagal 48(1) agus Airteagal 58 de Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle, i gcás ina gcomhlíonann na táirgí sin rialacha táirgthe agus rialaithe na tíre sin atá san áireamh sa liosta in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1235/2008 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2008 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na socruithe le haghaidh allmhairí táirgí orgánacha ó thríú tíortha.

- 2) Le hAirteagal 20 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ní chuirtear cosc ar lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach dá bhforáiltear in Airteagal 33(1) de Rialachán 2018/848 ná ar théarmaí lena dtagraítear do tháirgeadh orgánach faoi Airteagal 30(1) den Rialachán sin a úsáid le haghaidh bia próiseáilte, i gcás inar de thionscnamh an Aontais Eorpaigh an t-earra bia sin agus ina gcomhlíonann sé rialacha coibhéiseacha táirgthe agus rialaithe tríú tír aitheanta i gcomhréir le hAirteagal 48(1) de Rialachán 2018/848, ach nach gcomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 16(1) den Rialachán sin, arna léamh i gcomhar le pointe 2.2.2(f) de Chuid IV d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin.